Ceanglaíonn dlí na gcuideachtaí ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léargas fíorcheart ar staid ghnóthaí na cuideachta agus ar bhrabús agus ar chaillteanas na cuideachta don tréimhse sin. In ullmhú na ráiteas airgeadais sin, caithfidh na stiúrthóirí:-

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhleanúnach.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhunús gnóthais reatha murar míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an cuideachta i mbun gnó.

Deimhníonn na stiúrthóirí gur chomhlíon siad na ceanglais thuas agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntasaíochta chuí a choimeád a nochtáíonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais na cuideachta agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2013. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus as sin céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois nó mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

8. Leabhair Chuntais

Is iad na bearta atá glactha ag na stiúrthóirí lena chinntiú go gcomhlíontar ceanglais Alt 202 d'Acht na gCuideachtaí, 1990, maidir le leabhair chuntais chuí a choimeád ná feidhmiú na mbeartas agus nósanna imeachta is gá chun idirbheartaíochtaí a thaifeadadh, pearsanra cuntasaíochta inniúil leis an saineolas cuí a fhostú agus acmhainní leordhóthanacha a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coimeádtar na leabhair chuntais ag an gCeoláras Náisiúnta, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2.

Arna shíniú thar ceann an bhoird.

Margaret Ryan: Dochtúraíoch Ní Shleibhín

Margaret Ryan
Stiúrthóir

Patricia Slavin
Stiúrthóir

Dáta: 9ú Aibreán 2014

Ráiteas an Chathaoirleach



Tá áthas orm a thuairisciú, maidir le ráiteas an tríú cathaoirleach i dtéarma oifige cúig bliana an bhoird reatha, gur éirigh go maith leis an gCeoláras Náisiúnta arís le linn bliana dúshlánaí. Ní fhéadfadh an Ceoláras Náisiúnta an dea-mhéin aitheanta atá aige ná an rath atá air a bhaint amach gan tiomantas agus dua na n-iarchathaoirleach, go háirithe Kieran Tobin a bhí ina chathaoirleach ar an mbord reatha go dtí deireadh Aibreáin

2013, na n-iarchomhaltaí agus na gcomhaltaí reatha boird agus an Rialtais, chomh maith leis an bhfoireann dhilis agus dhíograiseach agus tacaíocht thábhachtach ár gComhlach Corparáideach, ár nUrraí agus ár gCairde. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don chúnaimh tábhachtach ó na pobail éagsúla a thugann tacaíocht leanúnach gan teip don Cheoláras.

Tá ról an-tábhachtach fós ag Cairde an Cheolárais Náisiúnta maidir linne agus bhí slua maith de ghnáth i láthair ag na himeachtaí an-éagsúla a cuireadh ar siúl go speisialta don chroighrúpa sin. Cuireadh barr feabhais ar ár n-imeachtaí de bharr an taca láidir onár gCairde.

Chuir an Ceoláras Náisiúnta fáilte roimh 315,508 gnáthóir sa bhliain 2013. Chuir an Ceoláras 942 imeacht ar siúl agus bhí ioncam a bhí díreach faoi bhun €6.8 milliún ag an díoloifig. Sháraigh na torthaí airgeadais ionchas an bhoird arís agus léirigh siad feidhmiú bainistíochta an-láidir. As buiséad de €7 milliún, bhí cailleanas beag glan de € 13,389 ag an gCeoláras san iomlán. Maidir le himeachtaí sa halla éisteachta, bhí an meánleibhéal freastail láidir go maith, is é sin 74%.

Ní fhéadfaimis aon chuid den tseinm ceoil, a bhfuilimid chomh bródúil as, a chur ar siúl gan taca tiomanta an Rialtais. Tá an taca airgeadais agus eile a sholáthraíonn an Stát riachtanach chun ár n-uailmhianta a bhaint amach. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don taca gan teip a fhaightear ón Rialtas agus go háirithe ón Aire Deenihan agus ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghlacadh leo as a spreagadh agus a dtreoir.

Ba mhaith leis an mbord stiúrtha aitheantas a thabhairt d'Oifig na nOibreacha Poiblí agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe as a dtaca leanúnach. Táimid ag obair faoi

láthair ar phlean chun 'Seomra Chaoimhín de Barra', suíomh díospóireachtaí an Chonartha, a athchóiriú. Mar gheall ar an stair a bhaineann leis an tionscadal sin, beidh an t-athchóiriú i gcomhthráth le 'Deich mBliana na gCuimhneachán' atá pleanáilte. Beidh athchóiriú na seomraí stairiúla seo ina oidhreacht don todhchaí agus ina chomhartha ómóis dár stair chomhroinnte.

I bhfómhar na bliana 2013, d'fhostaigh Bord an Cheolárais Náisiúnta foireann chomhairleoirí oilte chun tuarascáil a ullmhú. Rinne siad scrúdú, i dtaca le sainchúram na cuideachta, ar chláraigrú na dtaibhithe sa Cheoláras Náisiúnta. Phléigh siad leis na gníomhaíochtaí margaíochta agus díolacháin lena ndéanann an cuideachta iarracht cur le hiomrá an Cheolárais Náisiúnta; gnáthóirí a mhealladh chuig imeachtaí agus an t-ioncam reatha ó urraíocht, ó thiomsú airgid agus ó thabhartais dhaonchairdiúla a uasmhéadú. Chuimsigh siad, freisin, feidhmiúchán oibriúcháin agus maoinithe na heagraíochta. Tá sé d'aidhm ag an gCeoláras Náisiúnta cur lena sheasamh stairiúil agus cultúrtha trí thabhairt faoi chlár forbartha iontach ina mbeidh tuarascáil fhéideartha maidir le tógáil halla ceadail 500 suíochán ar shuíomh na seanleabharlainne leighis de chuid UCD.

Ceapadh fochoiste den bhord i gcuideachta foirne bainistíochta sinsearaí an Cheolárais chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú mholtaí na tuarascála. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thiomantas an choiste don tasc sin. Tabharfaidh an t-athbhreithniú sin treoir agus conair don Cheoláras Náisiúnta lena leanúint amach anseo.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom an deis seo a thapú chun aitheantas a thabhairt do thaca agus do rannpháirtíocht dhíograiseach mo chomhstíúrthóirí inár ngníomhaíochtaí éagsúla Boird, go háirithe mar a bhaineann siad leis an treorú straitéiseach don Cheoláras Náisiúnta. Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le foireann an Cheolárais Náisiúnta agus a ndua, a dtiomantas agus a spreagadh a thréaslú leo.

Áit a dteipeann ar na focail, éiríonn leis an gceol.

Margaret Ryan

Margaret Ryan

Cathaoirleach

Dáta: 9ú Aibreán 2014



The Sixteen



Renee Flemming

Brian O'Kane

Tuarascáil an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin



Is mór agam a thuairisciú go raibh bliain an-ghnóthach eile ag an gCeoláras Náisiúnta agus gur baineadh go leor éachtaí tábhachtacha amach, idir éachtaí ealaíne agus tráchtála.

Agus laghdú i ndeontas i gcabhair chomh maith le geilleagar nach bhfuil ach ag tosú ag teacht chuige féin ó chúlú eacnamaíochta mar chúlra, bhí an toradh oibriúcháin foriomlán

an-sásúil, go háirithe ós rud é gur leanadh le sceideal na n-imeachtaí arna gcur chun cinn ag an gCeoláras féin a mhéadú agus go raibh an clár ina iomláine fós láidir. Tá an Ceoláras Náisiúnta i gcónaí chun tosaigh i gcúrsaí ceoil in Éirinn, táthar ag leanúint le deis a thabhairt do phobal na hÉireann éisteacht le sárcheoltóirí an domhain, tugtar an scoth dá bhfuil ar fáil in Éirinn ar aird agus cuirtear raon ilghnéitheach d'eispéiris ceoil ar fáil.

Tá leathnú an chláir agus lucht éisteachta nua a tharraingt isteach ar cheann de phríomhchuspóirí straitéiseacha an Cheolárais Náisiúnta, agus é dírithe ar lúcháir an cheoil, i ngach leagan de, a thabhairt chuig daoine, agus tá líon na ndaoine sin ag méadú go seasta. I ndáil leis sin, is fiú aird ar leith a thabhairt ar chomh maith is a d'éirigh le séasúr an tsamhraidh suas le 50% de lucht freastail céaduaire a mhealladh agus cuireadh sé béim ar an tábhacht a bhaineann le turasóireacht chultúrtha, trí na ceoltóirí is fearr de chuid na hÉireann, idir cheoltóirí móréilimh agus cheoltóirí traidisiúnta, a chur chun cinn. Leis an tsraith nua 'Perspectives' a fógraíodh le haghaidh 2014, is léir go bhfuil an Ceoláras ag leanúint ar aghaidh ag féachaint níos faide anonn ná an domhan clasaiceach chun roinnt de na healaíontóirí ceoil comhaimseartha is fearr a fháil feadh an speictrim ceoil.

Mar sin féin, is é an tSraith Ceolchoirmeacha Idirnáisiúnta príomhchlár ealaíne an Cheolárais. Is dócha gurb é an chéad chuairt ag an soprán Meiriceánach aitheanta Renée Fleming ar Éirinn an cheolchoirm ba mhó a rabhthas ag súil léi in 2013. Ceadal a bhí ann leis an bpianódóir Maciej Pikulski a léirigh an fáth a bhfuil an t-ealaíontóir ceoil sin ar dhuine de na healaíontóirí clasaiceacha is mó a bhfuil gean air a bhíonn ag seinm faoi láthair. Réalta eile ceoldráma a thug cuairt ar an gCeoláras ab ea an teanór de chuid Mhálta, Joseph Calleja,


agus Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ á thionlacan faoi stiúir Phroinnsias Uí Dhuinn i nDeireadh Fómhair. Bhí 'Réalta Éirimiúil' an Cheolárais Náisiúnta in 2012, Claudia Boyle, ina theannta i gcomhair oíche den scoth d'amhráin ceoldrámaí mhóréilimh a chuir gach duine a raibh baint acu leis an oíche i láthair le brí agus beocht.

Leis an tSraith Ceolfhoirne Idirnáisiúnta, san earrach tháinig Ceolfhoireann Shiansach Raidió na Polainne le Jacek Kasprzyk; Acadamh an Cheoil Ársa (leis an gcuintraiteanór Andreas Scholl i mbarr a ghutha, ar ghearrfhógra in ionad Angelika Kirchschrager); Ceolfhoireann Shiansach Stáit Mhoscó agus Pavel Kogan (Pathétique an-chorraitheach de chuid Tchaikovsky) agus an Ceolfhoireann Philharmonia faoi stiúir Paavo Järvi leis an bpianódóir Paul Lewis; thug a dtuibhithe de Choinséartó Pianó Uimh.23 Mozart agus Siansa Uimh. 9 Dvořák léargais nua agus úire ar shár-roghanna.

Cuireadh tús le Séasúr Ceolchoirmeacha Idirnáisiúnta 2013/14 le Ceolfhoireann Fhiolarmónach Osló faoi stiúir Vasily Petrenko, agus thug an pianódóir ón Iorua Christian Ihle Hadland taibhiú den scoth de Choinséartó Pianó Grieg a bhí thar a bheith pearsanta freisin. Bhí an-cheol ceolfhoirne ag Ceolfhoireann Shiansach São Paulo, an chéad ceolfhoireann Mheiriceá Laidinigh a raibh baint aige leis an tSraith Ceolchoirmeacha Idirnáisiúnta. Bhí an taibhiú de chéad siansa mór Mahler faoi stiúir Marin Alsop spreagúil agus corraitheach araon, agus bhain an ceolfhoireann an-sult as na deiseanna rímháistreachta sa tsraith ó West Side Story le Bernstein.

Cuireadh tús foirfe le sraith chóruil nua le dhá cheolchoirm a díoladh amach le The Sixteen arna stiúradh ag Harry Christophers. Bhí an chéad cheann díobh sin, ceolchoirm a capella de cheol Palestrina agus James MacMillan in Ard-Eaglais Phádraig mar bhuaicphointe ceoil na bliana ag go leor daoine, agus b'fhéidir go mbeadh daoine eile den tuairim gurbh iad taibhithe tarchéimniúla Leif Ove Andsnes agus Ceolfhoireann Aireagail Mahler de dhá choinséartó pianó de chuid Beethoven i mí na Samhna a mbuaicphointe ceoil.

Le sraith na Piano Masters bhí an pianódóir den chéad scoth ón Rúis, Nikolai Lugansky ar a chéadligean in Éirinn (agus Rachmaninov thar barr aige ar ndóigh) agus ceadal céadlign sa Cheoláras Náisiúnta ag an bpianódóir óg den scoth ón mBreatain, Benjamin Grosvenor. Chuir beirt phianódóirí as Éirinn cláir shamhlaíochta agus neamhghnácha i láthair. I mí

Marin
AlsopLudovico
Einaudi

Feabhra, tháinig an láithreoir Stephen Ackert ón nDánlann Ealaíne Náisiúnta i Washington le chéile le Mícheál O'Rourke, le saothair ealaíne de chuid bhailiúchán an mhúsaeim mar chúlra neamhghnách agus spreagthach, le haghaidh taibhithe de Pictures at an Exhibition le Debussy agus Mussorgsky. I mí Dheireadh Fómhair tháinig céadfacht chumadóra Philip Martin chun tosaigh i 'Visions of the Night', nuair a chuir sé roinnt dá chuid saothar féin isteach i gclár de cheol Mozart, Chopin, Beethoven agus Gottschalk a raibh rian na hoíche air.

Seoladh sraith nua de Nóinléirithe Domhnaigh i mí Dheireadh Fómhair. Cuireadh ceadail le Ann Murray, meánsoprán a rugadh i mBaile Átha Cliath, agus Johnathon Lemalu, baratón ón Nua Shéalainn i láthair, chomh maith le taibhiú leis an Brazilian Guitar Quartet; bhí an ceathairéad sin páirteach chomh maith sa deireadh seachtaine Mheiriceá Laidinigh a bhí mar cheangal le cuairt Cheolfhoireann Shiansach São Paulo, agus chuir Dino Saluzzi, seinnteoir bandaineoin iontach ón Airgintín deireadh leis an tsraith. Imeachtaí eile ar fiú aird a tharraingt orthu ab iad Gradam Saoil a bhronn an Ceoláras Náisiúnta ar an Tiarna James Galway ag ceolchoirm mhór i mí na Samhna agus, ag tús na bliana, taibhiú aonair neamhchoitianta leis an bpianódóir snagcheoil idirnáisiúnta mór le rá Keith Jarrett. Ba cheolchoirm a bhí ansin a díoladh amach i ndaichead is a hocht n-uair an chloig agus baineadh taitneamh as an oíche cheoil sheifithe den scoth mar a bhí súil leis.

Mar atá luaite cheana, chuaigh Séasúr Samhraidh an Cheolárais ó neart go neart. Díoladh amach ceolchoirmeacha le Bryan Ferry, Sinéad O'Connor agus Spiritualized agus dhá cheolchoirm a raibh an sárfhidléir traidisiúnta Martin Hayes i mbun léirithe orthu, lena n-áirítear comhcheangal le Jordi Savall, laoch sa luathcheol. Bhí an tsraith brabúsach agus bhí lucht éisteachta mór i láthair ag gach ceolchoirm. Ar aon dul leis sin, díoladh amach ceolchoirmeacha Ludovico Einaudi, BellX1 agus Pink Martini sa tsraith 'ESB Live'. Bhí imeachtaí don teaghlach le sonrú níos mó sa chlár le deireadh seachtaine de Wallace and Gromit's Musical Marvels, a chuir lena raibh ar fáil go traidisiúnta don Nollaig: díoladh amach deich gcinn de sheónna 'The Snowman'.

Tá an caidreamh atá idir an Ceoláras agus Grúpaí Oirfide RTÉ le fada an lá fós ríthábhachtach ó thaobh sláinte ealaíonta agus airgeadais an Cheolárais agus is iomaí ceolchoirm den scoth a bhí againn le Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ chonáitheach agus Ceolfhoireann Choirme RTÉ i rith na bliana.

Bhí go leor ceoltóirí móra idirnáisiúnta ina n-aoi-aonréadaithe le CSN RTÉ, mar shampla na veidhleadóirí Ilya Gringolts, Julian Rachlin agus Baiba Skride; na pianódóirí Lilya Zilberstein, Artur Pizarro Antti Siirala agus na dordveidhleadóirí Alban Gerhardt, Thorléif Thedéen agus Pieter Wispelwey. Bhí Barry Douglas, Celine Byrne agus Miriam Murphy san áireamh ar phríomhcheoltóirí as Éirinn. Chomh maith leis an iliomad taibhiú spreagthach faoin bPríomh-Stiúrthóir Alan Buribayev, bhí Johnathan Cohen, Pascal Rophé, Gerhard Markson (Eroica Beethoven a fhanfaidh i gcuimhne an lucht éisteachta), Kenneth Montgomery (i Requiem Verdi) agus Gary Walker i measc na n-aoistiúrthóirí. Chuir an Príomh-Aoistiúrthóir Hannu Lintu deireadh lena sheal le taibhiú den scoth de Kullervo le Sibelius (le haonréadaithe agus cór ón bhFionlainn, tír dhúchais Lintu) agus chuir Finghin Collins deireadh lena sheal mar Chomhalta le sraith coinséartónna pianó le Beethoven. Tionscnamh nua don cheolfhoireann agus don Ceoláras araon ab ea taibhiú Aoine an Chéasta de St. John's Passion le Bach. Bhí oíche i gcomhlúadar The Chieftains agus Ceolchoirm speisialta an Uachtaráin leis an Uachtarán Mícheál D. Ó hUiginn, pátrún CSN RTÉ agus an Cheolárais Náisiúnta araon i láthair, san áireamh i sraith shamhraidh na ceolfhoirne.

Bhí éagsúlacht iontach, mar is gnách, ag baint le CC RTÉ, óna Signature Series (Ute Lemper, Danielle De Niese, Kurt Elling agus Bryn Terfel) go Abba agus Disco Inferno trí cheol scannán John Williams agus cur ar scáileán Singin' in the Rain agus The Wizard of Oz, gan ach roinnt a lua. Is maith an aghaidh ar thodhchaí na ceolfhoirne é an fógra gur ceapadh John Wilson ina Phríomh-Stiúrthóir ar CC RTÉ i Meán Fómhair. Cuireann sé le dea-obair David Brophy atá ag imeacht.

Bhí toradh ar an gcomhoibriú le RTÉ freisin leis an gcéad fhéile de cheol comhaimseartha 'New Music Dublin' a bhí ar siúl an chéad deireadh seachtaine de Mhárta. Is comhpháirtíocht ceathrair é sin idir an Ceoláras Náisiúnta, RTÉ, an Chomhairle Ealaíon agus an Contemporary Music Centre.

Is iad na 150 imeacht nó mar sin a chuireann daoine ón taobh amuigh, a thógann an t-ionad ar cíos, chun cinn gach uile bhliain an chuid is mó de ghnó an Cheolárais. Is iontach an raon ceoltóirí agus ceoil a thugann na tionscnóirí sin chuig ár ngnáthóirí agus áirítear orthu in 2013: Pat Egan (Phil Coulter, The Hollies, Jack Jones); Rag Lane (Loudon Wainwright); Walton's World Music (Sierra Leone's Refugee All Stars, Bobby McFerrin, Soweto Gospel Choir); Raymond Gubby

(Anton and Erin, One Night in Vienna, Four Seasons by Candlelight); Note Productions (Brad Mehldau); Wonderland Productions (José Feliciano) Great Music in Irish Houses (Angela Hewitt); Lyric Opera (Don Giovanni); agus Festival Productions (Annie).

Léirítear go leor imeachtaí sa Cheoláras freisin a chuireann raon ceolchumann agus cumann córúil ar stáitse, mar shampla Ceolchumann Ráth Maonais agus Ráth Garbh (sé thaibhiú de The Mikado i mí na Samhna); Our Lady's Choral Society (taibhithe bliantúla den Messiah i mí na Nollag atá mar chuid de ghnásanna na Nollag ag go leor daoine) agus forais oideachais, mar shampla, Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann agus Conservatoire Ceoil DIT. Cuireann siad sin uile go mór leis an saibhreas clár a dhéanann foras den scoth den Cheoláras Náisiúnta.

In ainneoin na laghdúithe sa bhuiséad, leanadh le tionchar mór a imirt ar shaol go leor daoine le clár Oideachais, Pobail agus For-Rochtana an Cheolárais. Le 'Kid's Classics', cuireadh taibhithe ceoil ar fáil go díreach sna hospidéal do leanaí i gCromghlinn, i dTamlacht agus ar Shráid an Teampaill. Ar an taobh eile de roth an tsaol ba treoirthionscadal 12 mí a bhí in 'Health & Harmony' d'othair a raibh néaltrú ag dul dóibh agus dá dteaghlach, le tacaíocht deontais ó Chisté na hÉireann. I mí na Bealtaine, rinneamar Féile Bhealtaine Creativity in Older Age a cheiliúradh i gcomhpháirtíocht le Comhairle Chontae Lú le sraith taibhithe a léiriú ar fud Lú, ag díriú ar dhaoine scothaosta, lena n-áirítear cuairt a thabhairt ar thithe altranaís agus ar Ghrúpaí Seanóirí. Rinne Ceolfhoireann 'Blow the Dust off your Trumpet' ceithre bliana ar an bhfód a chomóradh le linn na féile sin le ceolchoirm de shaothair ceoil Vineacha arna óstáil ag Ronan Collins. Tháinig comhaltaí de Cheolfhoireann Náisiúnta Óige na hÉireann le chéile le 'The Dusties' sa samhradh chun cleachtadh le chéile agus rinne siad Seachtain an Aosaithe Dhearfaiha a sheoladh le chéile ag deireadh Mheán Fómhair.

I mí na Samhna, chuaigh an Ceoláras i gcomhpháirtíocht le Ceolfhoireann Aireagail Mahler chun Feel the Music, sraith tionscadal arna reáchtáil ag MCO Landings, clár oideachais agus for-rochtana Ceolfhoireann Aireagail Mahler agus urraithe ag KBC Bank, a chur ar fáil. Fáiltíodh roimh dhaltai Scoil Mhuire do Chailíní Bodhra i ndomhan na ceolfhoirne leis an tsli is féidir ceol a bhrath leis na céadfaí uile a fhiosrú.

Leanadh leis na ceardlanna ceoil, Mini Music, sa Cheoláras in 2013, le haghaidh páistí agus leanaí óga, ceardlanna a bhfuil an-tóir orthu, agus cuireadh rang breise leo i Meán Fómhair le haghaidh leanaí 5- 9 bliain d'aois. Mar chuid den Ghradam Saoil don Tiarna James Galway, chuaigh 30 fliúiteadóir óg ó Cheol-Acadamh Ríoga na hÉireann agus Ardscoil Cheoil agus Drámaíochta DIT ar stáitse leis an Tiarna James agus chuireamar máistir-ranganna leis an bpianódóir Philip Martin agus an baratón Johnathon Lemalu ar siúl.

Ba é an dordveidhleadóir Brian O'Kane 'Réalta Éirimiúil' an Cheolárais Náisiúnta le haghaidh 2013 agus d'éirigh le Emma O'Halloran an gradam a bhaint amach i gComórtas Cumadóirí Óga Jerome Hynes. Bhí an chéad taibhiú ag saothar nua Emma Cages ag féile thionscnaimh New Music Dublin. Rinneadh Gradam Ceoltóirí Óga débhlíantúil an Cheolárais Náisiúnta atá ann chun tacú le forbairt ceoltóirí óga téaduirilís in Éirinn

a roinnt idir Killian White, Christopher Ellis, Phoebe White agus David Tobin. Bronnadh Sparánacht Bernadette Greevy ar Jennifer Davis i Meitheamh agus bhí ceadal an bhuaiteora roimhe sin, Rachel Kelly ar siúl an 2 Deireadh Fómhair i Seomra John Field. Ba mhór ag an gCeoláras freisin tacú le Comórtas Amhránaíochta Idirnáisiúnta Veronica Dunne i mí Eanáir.

Ba mhór an fhorbairt don Cheoláras Náisiúnta é in 2013 tús a chur le clár cónaitheachta le haghaidh eagraíochtaí ceoil eile. Leis sin, tháinig Cór Aireagail na hÉireann (An Cór Aireagail Náisiúnta roimhe sin) agus Ceolfhoireann Bharócach na hÉireann le chéile le CSN RTÉ mar ghrúpaí cónaitheacha agus spás oifige á thabhairt do Music Network agus Music Generation ar an dara hurlár. Chomh maith leis sin, tugadh spás cruthaitheach stiúideo do chúigear amhránaithe is scríbhneoirí chun obair a dhéanamh agus le dul i mbun cumadóireachta. Tá curtha go mór ag an gclár sin le tábhacht an Cheolárais Náisiúnta mar lárionad sármhaitheasa ceoil agus tá beocht bhreise agus cuspóir ag baint le ról an Cheolárais mar fhoras cultúrtha náisiúnta. Ina theannta sin, cuireann na grúpaí cónaitheacha le clár oideachais an Cheolárais.


Mar a dúirt mé ag an tús, bliain ghnóthach agus rathúil a bhí ann, agus níorbh fhéidir é sin a bhaint amach ach le díograis agus dúthracht go leor daoine. Ba mhaith liom an deis a thapú buíochas a ghlacadh le foireann uile an Cheolárais Náisiúnta as a ndíograis agus a dtiomantas – braitheann ionad mar seo ar dhian-iarracht foirne, ó chláréagrú, pleanáil agus oideachas trí mhargaíocht agus díolacháin, oifig na dticéad, airgeadas agus TF, agus obair an chriú os comhair stáitse agus ar a chúl. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh freisin le Bord an Cheolárais Náisiúnta as a n-iarrachtaí agus as an am uile a thugann siad go deonach; leis an Aire Deenihan agus an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta as a dtacaíocht leanúnach agus le hOifig na nOibreacha Poiblí, a dhéanann ár bhfoirgneamh álainn a chothabháil.

Mar fhocal scoir, caithfidh mé ár mbuíochas mór ó chroí agus ómós a chur in iúl dár n-urraitheoirí, dár bpátrúin chorparáide agus aonair, dár ndeontóirí, cairde agus lucht éisteachta as a spreagadh leanúnach agus as an gceistiú dearfach a dhéanann siad uaireanta! - agus anuas air sin ar fad, as a bheith i láthair sa Cheoláras i gcónaí. Ar ndóigh, is chun ceol a chur ar fáil do lucht éisteachta beo atáimid anseo agus do gach uile dhuine den 315,508 díobh a tháinig thar an tairseach againn anuraidh – go raibh maith agat!



Simon Taylor
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Cairt Eagrúcháin



Tuarascáil na n-Iniúcháirí

Chuig Comhaltaí An Cheolárais Náisiúnta

Tá ráitis airgeadais an Cheolárais Náisiúnta le haghaidh na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2013 iniúchta againn ar leathanaigh 10 go 15. Is iad dlí na hÉireann agus caighdeán chuntasaíochta eisithe ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais agus fógraíthe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta Inghlactha go Ginearálta in Éirinn) a bhí mar an gcreat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú.

Rinneadh an tuarascáil seo do chomhaltaí na cuideachta amháin, mar chomhlachas, de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí 1990. Tugadh faoinár n-obair iniúchta chun go bhféadfaimis na hábhair sin a bhfuil dualgas orainn iad a lua leo i dtuarascáil iniúchára a chur os a gcomhair agus ní ar chúis ar bith eile. Chomh fada agus is féidir de réir an dlí, ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid freagracht i leith duine ar bith eile seachas an chuideachta agus comhaltaí na cuideachta mar chomhlachas, maidir lenár n-obair iniúchta, leis an tuarascáil seo agus leis na tuairimí atá glactha againn.

Freagrachtaí stiúirthóirí agus iniúcháirí faoi seach.

Mar a mhínítear níos soiléire i Ráiteas Freagrachtaí Stiúirthóirí, tá freagracht ar na stiúirthóirí ráitis airgeadais a ullmhú a thugann léargas fíor agus cothrom. Is é ár bhfreagracht na ráitis a iniúchadh agus tuairim a thabhairt orthu de réir dhlí na hÉireann agus de réir na gCaighdeán Náisiúnta Iniúchta (RA agus Éire). Tá ceangal orainn de réir na gcaighdeán sin cloí le Caighdeán Eiticiúla d'Iniúcháirí de chuid an Bhoird um Chleachtas Iniúcháireachta.

Scóp iniúchta na ráiteas airgeadais.

Tá bailiú fianaise faoi na méideanna agus na rudaí a nochtadh sna ráitis airgeadais i gceist le hiniúchadh, sa chaoi go mbeidh dóthain ann le deimhniú go réasúnta go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíshonrú ábhartha, más trí dhearmad nó trí chalaíochas a rinneadh sin. San áireamh ansin tá measúnú orthu seo: na beartais chuntasaíochta a bheith cuí maidir le cúinsí na cuideachta agus iad curtha i bhfeidhm go seasmhach agus nochtá go sásúil; réasúntacht na meastachán cuntasaíochta suntasach a rinne na stiúirthóirí; agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais. Chomh maith leis sin, léamar an fhaisnéis iomlán airgeadais agus neamhairgeadais i dTuarascáil na Stiúirthóirí, i Ráiteas an Chathaoirligh agus i dTuarascáil an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin chun neamhréireachtaí

ábhartha maidir leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint agus chun aon fhaisnéis, a bhfuil an chuma air go bhfuil sé mícheart go bunúsach, bunaithe ar nó ar neamhréir leis an eolas atá faighte againn le linn an iniúchta, a aithint. Má thagaimid ar an eolas faoi aon mhíshonrú ábhartha follasach nó aon neamhréir is gá dúinn smaoineamh ar na himpleachtaí dár dtuarascáil.

Dearcadh ar na ráitis airgeadais

Inár dtuairim:

- tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom, de réir an Chleachtas Chuntasaíochta Inghlactha go Ginearálta in Éirinn, ar staid chúrsaí na cuideachta ar an 31 Nollaig 2013 agus ar a easnamh don bhliain dar chríoch ansin; agus
- tá na ráitis airgeadais ullmhaithe i gceart de réir cheanglais Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2013

Cúrsaí a bhfuil ceangal orainn tuairisc a thabhairt orthu de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2013

Tá an fhaisnéis agus na minithe go léir, a gceapaimid iad a bheith riachtanach chun críche an iniúchta, faighte againn. Is é ár dtuairimne, go bhfuil leabhair chuntas chearta coimeáda ag an gcuideachta.

Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntas. Inár dtuairimne, tá an fhaisnéis atá tugtha i dTuarascáil na Stiúirthóirí, i Ráiteas an Chathaoirligh agus i dTuarascáil an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Cúrsaí a bhfuil ceangal orainn tuairisc a thabhairt orthu mar eisceachtaí

Níl dada le tuairisciú againn maidir le forálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2013, a bhfuil dualgas orainn a thuirisciú libhse, más rud é, dar linn, nach ndéantar nochtadh ar luach saothair na stiúirthóirí agus ar idirbhearta sonraithe ag an dlí.

Ciarán Murray ar son agus thar ceann


Hayden Brown

Iniúcháirí Cairte
& Iniúcháirí Cláraithe
Árais Grafton,
34 Sráid Grafton
Baile Átha Cliath 2
9ú Aibreán 2014


Cuntas Brabúis Agus Cailteanais Don Bhliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2013

	Nóta	2013 €	2012 €
Ollioncam		4,563,551	4,574,758
Costais Phromóisin		(2,949,110)	(2,871,760)
Costais Bhunaíochta		(754,855)	(823,407)
Costais Riaracháin		(491,710)	(437,616)
Costais Foirne	2	(2,707,320)	(2,755,266)
Dímheas	5	(24,289)	(24,289)
		(2,363,733)	(2,337,580)
Aistriú ón gCúlchiste Orgáin	8	20,344	20,344
Deontas i gCabhair		2,330,000	2,427,000
Costais Athfhorbartha		0	0
(Cailteanas) / Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainní Dochta		0	5,400
(Cailteanas) / Brabús ar Gnáthghníomhaíochtaí Roimh Cháin	3	(13,389)	115,164
Cánachas	4	0	0
(Cailteanas) / Brabús ar Gnáthghníomhaíochtaí Tar Éis Cháin		(13,389)	115,164
Aistriú chuig cúlchiste caipitil athfhorbartha	8	0	(115,164)
(Cailteanas) / Brabús Tar Éis Aistrithe		(13,389)	0

Is cuid lánpháirteach den chuntas brabúis agus cailteanais seo iad na nótaí atá ag gabháil leis
Cheadaigh an bord na ráitis airgeadais amhail ar an 9ú Aibreán 2014 arna shíniú thar a gceann ag:-



Margaret Ryan
Stiúrthóir



Patricia Slavin
Stiúrthóir

Ráiteas Gnóthachan agus Cailteanas Iomlán don Bhliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2013

	2013 €	2012 €
(Cailteanas) / Brabús Don Bhliain Airgeadais	(13,389)	115,164
Scéim Leanaí Agus Céilí Foirne	11,773	11,788
Gnóthachain agus Cailteanais Iomlána Don Bhliain	(1,616)	126,952
Nóta de na Brabúis ar Chostas Stairiúil		
(Cailteanas) / Brabús Tuariscithe ar Gnáthghníomhaíochtaí roimh Cháin	(13,389)	115,164
Réadú Gnóthachan Athluachála Maoine na mblianta roimhe sin	0	0
	(13,389)	115,164
(Cailteanas)/Brabús ar Ghnáthghníomhaíochtaí Roimh Cháin ar Chostas Stairiúil	(13,389)	115,164
(Cailteanas)/Brabús don Bhliain Aiscurtha tar éis Cháin ar Chostas Stairiúil	(13,389)	115,164

Clár Chomhordaithe Amhail Ar An 31 Nollaig 2013

	NÓTA	2013 €	2012 €
Sócmhainní In Úsáid			
Sócmhainní Dochta			
Sócmhainní Inláimhsithe	5	148,167	172,456
Sócmhainní Reatha			
Féichiúnaithe (Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain)	6	183,006	256,655
Airgead tirim sa bhanc agus ar Láimh		4,639,998	4,525,153
		4,823,004	4,781,808
Creidiúnaithe (Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain)	7	(2,247,408)	(2,198,541)
Glansócmhainní Reatha		2,575,596	2,583,267
Sócmhainní Iomlána Lúide Dlíteanais Reatha		2,723,763	2,755,723
Arna Mhaoiniú Ag :-			
Caipiteal Agus Cúlchistí			
Cuntas Brabúis agus Caillteanais	9	1,902,953	1,916,342
Cúlchistí Eile	8	820,810	839,381
		2,723,763	2,755,723

Is cuid lánpháirteach den chlár chomhordaithe iad na nótaí agus na beartais chuntasaíochta atá ag gabháil leis.

Cheadaigh an bord na ráitis airgeadais amhail an 9ú Aibreán 2014 arna shíniú thar a gceann ag:-

Margaret Ryan

Margaret Ryan
Stiúrthóir

Patricia Slavin

Patricia Slavin
Stiúrthóir

Ráiteas Sreabhadh Airgid Don Bhliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2013

	2013 €	2012 €
Insreabhadh Glan Airgid Ó Ghníomhaíochtaí Oibríúcháin:-		
Brabús/(Caillteanas) Gníomhaíochta roimh Ús	(96,112)	(65,724)
(Brabús)/Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Dochta	0	(5,400)
Costais Dímhheasa	24,289	24,289
Aistriú ón gCúlchiste Orgáin	(20,344)	(20,344)
(Méadú) / Laghdú ar Fheichiúnaithe	73,649	(97,739)
(Laghdú) / Méadú ar Chreidiúnaithe	146,784	(9,200)
	128,266	(174,118)
Aisióc Ar Infheistíocht Agus Fónamh A Dhéanamh Ar Airgeadas		
Ús Faighte	82,723	65,724
	210,989	(108,394)
Gníomhaíochtaí Infheistíochta :-		
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Dochta Inláimhsithe a cheannach	0	0
Réadaíthe as Díol Sócmhainní Inláimhsithe	0	5,400
	0	5,400
Airgeadú :-		
Méadú i gCúlchistí Eile	1,773	126,951
Méadú In Airgead Tirim Agus Coibhéisigh Airgid Thirim	212,762	23,957

Nótaí Leis Na Cuntais Don Bhliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2013**1. Beartais Chuntasaíochta**

Is iad seo a leanas na mórbheartais chuntasaíochta a ghlac an chuideachta agus a feidhmíodh go comhleánach le linn na bliana agus na bliana roimhe sin:-

{a} Coinbhinsiún Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn. Is é atá sna caighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn i dtaca le hullmhú ráiteas airgeadais ina dtugtar léargas fíor cothrom ná iad siúd atá foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus atá eisithe ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta.

{b} Sócmhainní Inláimhsithe agus Dímheas

Tá sócmhainní inláimhsithe ráite ag costas lúide dímheas carnaithe.

Ríomhtar muirear dímheasa sna Cuntais chun leabharluach gach Sócmhainn Dhocht a dhíscríobh le linn a shaolré ionchasaigh ar bhonn líne díri ag na rátaí seo a leanas:-

Athruithe ar Áitreabh ar Léas:	10 go 50 bliain
Steinway Pianoforte:	5 Bliana
Córas Sonraí Ríomhaire:	5 Bliana
Trealamh Oifige agus Lónadóireachta:	5 Bliana
Píborgán:	25 Bliana
Córas Aimplitheoirí agus Callairí:	5 Bliana

{c} Cánachas Curtha Siar

Soláthraítear cánachas curtha siar faoin modh dliteanais ar gach dífríocht uainiúcháin ábhartha a mhéid a mheastar a bheidh sé iníoctha amach anseo ón méid is léir.

{d} Deontas i gCabhair - Reatha

Is é an deontas i gcabhair reatha an fóirdheontas is infhaighte ón Rialtas don Bhliain Féilire.

{e} Deontais Chaipitil

Déantar deontais bunaithe ar chaipiteal a chreidiúnú in aghaidh chostas sócmhainní dochta. Luach na ndeontas chaipitil a fuarthas ón Rialtas don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013 sin €184,000 san iomlán.

2. Fostaithe Agus Luach Saothair

Ba é an meánlíon daoine a bhí fostaithe ag an gcuideachta sa bhliain airgeadais ná 103 (2012:105) agus tá siad anailísithe sna catagóirí seo a leanas:-

	2013	2012
	Lion na bhFostaithe	
Tacaíocht Ceolchoirmeacha	78	80
Riarachán	25	25
	103	105

	2013	2012
	€	€
Tá na costais fhoirne comhdhéanta de:		
Pá agus Tuarastail	2,406,516	2,441,938
Costais Leasa Shóisialaigh	220,744	226,262
Costais Phinsin	80,060	87,066
	2,707,320	2,755,266

3. Brabús Ar Ghnáthghníomhaíochtaí Roinn Cháin

	2013	2012
	€	€

Sonraítear an brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin tar éis muirearú/(creidiúnú):-

Luach Saothair an Chathaoirligh	8,978	9,450
Luach Saothair na nIníúcháirí	24,840	24,840
Luach Saothair Iníúchára Seirbhísí Neamhniúchta.	4,858	4,858
Dímheas	24,289	24,289
Deontas i gCabhair	(2,330,000)	(2,427,000)

4. Cánachas

Mar gheall ar chaitheannais ar aghaidh agus Alt 32 den Acht Airgeadais 1984 ní thagann aon mhúirear cánachais chun cinn. Fuair an Ceoláras Náisiúnta díolúine chánach charthanúil (uimhir CHY 6469) an 16 Lúnasa 2012 agus faoi alt 207 (mar a fheidhmítear ar chuideachtaí le halt 76) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, nífead faoi dhliteanas cáin chorparáide a íoc ón dáta sin.

5. Sócmhainní Dochta Inláimhsithe

Costas	Iarmhéid Tosaigh	Breise	Diúscairtí	Iarmhéid Deiridh
	€	€	€	€
Aimplitheoirí agus Córas Callairí	3,950	0	0	3,950
Athruithe ar Áitreabh Léasach	214,087	0	0	214,087
Píborgán	508,606	0	0	508,606
Córas Sonraí Ríomhaireachta	60,107	0	0	60,107
Trealamh Lónadóireachta Oifige agus Eile	260,597	0	0	260,597
Pianoforte Steinway	52,880	0	0	52,880
Córas Teileafóin	6,570	0	0	6,570
	1,106,797	0	0	1,106,797

Dímheas

	Iarmhéid Tosaigh	Múirear Don Bhliain	Diúscairtí	Iarmhéid Deiridh
	€	€	€	€
Aimplitheoirí agus Córas Callairí	3,938	0	0	3,938
Athruithe ar Áitreabh Léasach	109,803	3,945	0	113,748
Píborgán	440,788	20,344	0	461,132
Córas Sonraí Ríomhaireachta	60,040	0	0	60,040
Trealamh Lónadóireachta Oifige agus Eile	260,343	0	0	260,343
Pianoforte Steinway	52,875	0	0	52,875
Córas Teileafóin	6,554	0	0	6,554
	934,341	24,289	0	958,630

31.12.12**31.12.13**

€

€

Glanluach Leabhair

172,456

148,167

6. Féichiúnaithe

	2013	2012
	€	€
Féichiúnaithe Trádála	102,351	32,905
Costais Réamhíochta	80,655	220,262
CBL	0	3,488
	183,006	256,655

7. Creidiúnaithe	2013	2012
	€	€
Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain		
Creidiúnaithe Trádála	346,608	253,242
ÍMAT/ÁSPC	74,390	79,227
CBL	47,348	0
Ilchreidiúnaithe agus Fabhruithe	285,416	325,872
Rótharraingt bainc	0	97,917
Réamháirithintí agus Éarlaisí	1,493,646	1,442,283
	<u>2,247,408</u>	<u>2,198,541</u>

8. Cúlchistí Eile	2013	2012
	€	€
Scéim Pinsin Céill	159,807	148,034
Cúlchiste Orgáin	47,470	67,814
Scéim AVC	159,365	159,365
Cúlchiste Oideachais agus For - rochtana	61,014	71,014
Cúlchiste Caipitil Athfhorbartha	393,154	393,154
	<u>820,810</u>	<u>839,381</u>

Is léiriú é an Cúlchiste Orgáin ar bhronntanais a fuarthas chun orgán a chur ar fáil don Cheoláras Náisiúnta nó airgead a chur ar fáil chun orgán a cheannach nó chun cúnaimh a thabhairt orgán a cheannach, nó aon chúnamh eile a thabhairt arna aontú ag na hlontaobhaithe.

Beidh an Cúlchiste Orgáin á dhíscríobh do Chuntas Brabúis agus Cailteanais thar thréimhse cúig bhliana is fiche ag teacht leis an mbeartas dímhéasa.

Ar an 8 Márta 2007 thug Anne Sophie Mutter ceolchoirm agus tugadh an fáltas as don Cheoláras Náisiúnta le húsáid a bhaint as don Chlár Oideachais agus For-Rochtana go heisiach.

Chinn an Cheoláras Náisiúnta cúlchiste caipitil athfhorbartha a bhunú a bhfuil sé mar chuspóir aige maoiniú a dhéanamh ar chostais athfhorbartha an Árais amach anseo.

9. Réiteach Gluaiseachta Sa Chuntas Brabúis Agus Cailteanais	2013	2012
	€	€
Iarmhéid Tosaigh	1,916,342	1,916,342
Barrachas don bhliain	(13,389)	0
Iarmhéid Deiridh	<u>1,902,953</u>	<u>1,916,342</u>

10. Scairchaipiteal

Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta í Cuideachta an Cheolárais Náisiúnta nach bhfuil aon scairchaipiteal aige, leis an bhfocal "Teoranta" ar lár ag Ceadúnas an Aire Tionscail, Tráchtála agus Turasóireachta.

11. Pinsin

Cuireadh Scéim Pinsin Foirme an Cheolárais Náisiúnta i bhfeidhm an 1ú Iúil 1987. Tífidh caiteachas ar phinsin agus cnapshuimeanna ar acmhainní an Cheolárais mar a bheidh siad inioctha. Caithfear an caiteachas sin a thógáil san áireamh i ríomh an Deontas i gCabhair. Cuireadh scéim na leanaí agus na gcéilí i bhfeidhm an 1ú Meán Fómhair 1987.

12. Caiteachas Caipitil

Ba é an Caiteachas Caipitil a tabhaíodh dó ag 31ú Nollaig 2013 ná €Neamhni.

13. Ceadú Stiúirthóirí

Cheadaigh na Stiúirthóirí na ráitis airgeadais amhail ar an 9ú Aibreán 2014 agus arna shíniú thar a gceann ag:-

Margaret Ryan

Margaret Ryan
Stiúirthóir

Patricia Slavin

Patricia Slavin
Stiúirthóir

14. Bord An Cheolárais Náisiúnta - Freastal Ar Chruinnithe 2013

	K. Tobin	B. Arnold	R. Bates	L. Cearr	D. Collins	P. Heneghan	R. Holstead	A. Hynes	D. Kelleher	A. Kent	G. Menzies	P. McEvoy	J. McGrane	M. Ryan	P. Slavin
Eanair 31 2013	Bhí	Bhí	Bhí	Ni raibh	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí
Márta 21 2013 CCB	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí
Bealtaine 30 2013	Ni raibh	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Ni raibh	Bhí	Bhí	Bhí
Meitheamh 25 2013	Ni raibh	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Ni raibh	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí
Iúil 25 2013	Ni raibh	Bhí	Bhí	Bhí	Ni raibh	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Ni raibh	Ni raibh	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí
Meán Fómhair 26 2013	Ni raibh	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Ni raibh	Ni raibh	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí
Samhain 26 2013	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Bhí	Ni raibh	Bhí	Bhí	Bhí

15. An Ceoláras Náisiúnta - Costais Íoctha Le Stiúirthóirí 2013

	K. Tobin	B. Arnold	R. Bates	L. Cearr	D. Collins	P. Heneghan	R. Holstead	A. Hynes	D. Kelleher	A. Kent	G. Menzies	P. McEvoy	J. McGrane	M. Ryan	P. Slavin
Costais Íoctha in 2013	Dada	Dada	Dada	Dada	Dada	Dada	€922.56	€1,026.53	Dada	Dada	Dada	Dada	Dada	Dada	Dada
Míleáiste							€393.70	€1,026.53							
Traein							€363.89								
Eitiltí							€164.97								

16. An Ceoláras Náisiúnta - Díolaíocht An Chathaoirligh 2013

K. Tobin	€2,993
M. Ryan	€5,985

17. An Ceoláras Náisiúnta - Tuarastal An Phríomhfheidhmeannaigh 2013

S. Taylor	€105,558
-----------	----------

Deimhniú Stiúirthóra Agus Rúnaí

Deimhnímid:-

Gur cóip fhirinneach de na cuntais a cuireadh faoi bhráid Chruinniú Ghinearálta Bhlíantúil na cuideachta iad na cuntais atá leagtha amach ar leathanaigh 1 go 15.

Arna Siniú: Stiúirthóir **Margaret Ryan** 

Rúnaí **John Nolan** 

Dátaithe 9ú Aibreán 2014